

# Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

## Ceisteanna Coitianta

### **1. Cad é an Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?**

Íocaíocht árachais shóisialta is ea Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a íoctar le baintreacha, baintreacha fir agus páirtnéirí sibhialta marthanacha. Bunaítear é ar thaifead árachais shóisialta (ÁSPC) an éilitheora nó an chéile nó an pháirtnéara shibhialta nach maireann.

Ní íocaíochtaí faoi réir tástáil maoine iad, mar sin ní dhéanann sé difear don ráta pearsanta teacht isteach eile a bheith agat, pinsean ceirde nó tuilleamh ó fhostaíocht, cuir i gcás.

Cáilíonn tú don Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh más amhlaidh:

- gur baintreach nó baintreach fir tú nó céile sibhialta marthanach **nó**
- go bhfuil tú colscartha ó do chéile nach maireann (faoi mar a aithnítear sa Stát seo) agus nár athphós tú **nó**
- gur scoireadh páirtnéireacht shibhialta le do pháirtnéir sibhialta nach maireann agus nár chláraigh tú i bpáirtnéireacht shibhialta nua

agus

- nach bhfuil tú ag comhchónaí mar lánúin

agus

- go sásaíonn tú coinníollacha ranníoca árachais shóisialta áirithe

**nó**

- go bhfuair do chéile nó do chéile sibhialta nach maireann ráta áirithe den Pinsean Stáit (Aistriú) nó den Pinsean Stáit (Ranníocach) a raibh ar áireamh ann méadú duitse mar Dhuine Aosaithe Cáilithe nó más amhlaidh go raibh an méadú sin ag dul duit ach amháin go raibh tú ag fáil Pinsean Stáit (Neamhranníocach), Pinsean na nDall nó Liúntas Cúramóra i d'ainm féin.

## 2. Cad iad na coinníollacha árachais shóisialta a chaithfear a chomhlíonadh chun an pinsean seo a fháil?

Chun cáiliú don Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ní mór duitse nó do do chéile/pháirtnéir sibhialta nach maireann coinníollacha árachais shóisialta áirithe a shásamh. Ní mór gach ceann de na coinníollacha sin a shásamh ar thaifead duine amháin; ní ceadmhach an dá thaifead a chur le chéile. Ní mór gach ranníocaíocht a bheith déanta roimh bhás do chéile nó do pháirtnéara shibhialta.

Áirítear ranníocaíochtaí ag Aicmí A, B, C, D, E, F, G, H, P, N agus S i leith an Phinsin Ranníocaigh Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh. Áirítear ranníocaíochtaí deonacha, leis.

Chun cáiliú don Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ní mór duitse nó do do chéile/pháirtnéir sibhialta nach maireann coinníollacha árachais shóisialta áirithe a shásamh.

- a) 156 ranníocaíocht árachais shóisialta **íochta** (ag méadú go 260 ón 27 Nollaig 2013) a bheith íochta ag dáta báis an chéile/an pháirtnéara shibhialta nó roimh aois inphinsin (66 bliain d'aois i láthair na huaire), cibé acu is túisce **agus**
- b) meán bliantúil d'aon cheann díobh seo a leanas
  - 39 ranníocaíocht árachais shóisialta **íochta nó creidiúnaithe** sna 3 bliana nó sna 5 bliana roimh bhás an chéile/an pháirtnéara shibhialta nó sular shlánaigh siad aois inphinsin (ar a dtugtar 'Meán Bliantúil Gearr') **nó**
  - 24 ranníocaíocht árachais shóisialta **íochta nó creidiúnaithe** ó bhliain na chéad iontrála sa chóras árachais shóisialta go dtí bliain bháis an chéile/an pháirtnéara shibhialta nó an bhliain inar shlánaigh siad aois inphinsin, cibé acu is túisce (ar a dtugtar 'Meán Bliantúil Fada').

## 3. Cad iad na socruithe nua a thabharfar isteach maidir le héilimh dhéanacha agus cathain a thiocfaidh siad isteach?

Ón 6<sup>ú</sup> Aibreán 2012 is féidir éilimh dhéanacha ar Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a shiardhátú go ceann 6 mhí ar a mhéad.

## 4. Cé na daoine a ndéanfaidh an t-athrú sin difear dóibh?

Duine ar bith a dhéanann éileamh ar Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh an 6<sup>ú</sup> Aibreán 2012 nó dá éis, i gcás inar faide dáta báis an chéile nó an pháirtnéara sibhialta ná 6 mhí roimh dháta déanta an éilimh, déanfaidh an t-athrú seo difear dóibh.

## 5. Cad a chiallaíonn sin do dhaoine a chuireann isteach ar an bpinsean seo?

Ba cheart iarratas a dhéanamh ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a luaithe is féidir tar éis bhás an chéile nó an pháirtnéara shibhialta.

Má bhíonn an t-éileamh níos mó ná sé mhí déanach, glacfar leis agus íocfar é má cháilíonn sé ach ní dhéanfar an íocaíocht a shiardhátú ach go ceann sé mhí roimh an dáta ar a bhfaighfear an t-éileamh sa Roinn, beag beann ar dháta báis an chéile nó an pháirtnéara shibhialta.

## 6. Táim ag fáil an phinsin seo cheana féin; an mbainfidh an t-athrú ar shiardhátú liomsa?

Ní bhainfidh an t-athrú seo ach le héilimh a gheofar ar an 6ú Aibreán 2012 nó dá éis.

## 7. An bhfuil aon chás ina n-íocfaidh an Roinn éileamh siardhátaithe níos sia siar ná sé mhí?

I gcásanna áirithe d'fhéadfaí éileamh a shiardhátú níos sia siar ná sé mhí:

- I gcás inar theip ort éileamh a dhéanamh ar an dáta teidlíochta toisc go bhfuair tusa, nó duine a ghníomhaigh ar do shon, eolas bréagach nó míthreorach ó bhall foirne den Roinn seo. Más amhlaidh atá, ní mór duit sonraí iomlána an eolais bhréagaigh nó mhíthreoraigh a fuair tú, agus ainm an oifigigh a thug duit é (más eol duit é), an oifig óna bhfuair tú an t-eolas sin agus an dáta ar a bhfuair tú é a chur ar fáil dúinn.
- I gcás inar theip ort éileamh a dhéanamh ar an dáta teidlíochta toisc go raibh tú chomh tinn nó chomh éagumasaithe de bharr tinnis nárbh fhéidir leat iarratas a dhéanamh nó iarraidh ar dhuine éigin eile an t-iarratas a dhéanamh ar do shon. Más amhlaidh atá, ní mór duit fianaise dochtúra a sholáthar a mhíníonn an fáth nárbh fhéidir leat iarratas a dhéanamh nó iarraidh ar dhuine éigin eile an t-iarratas a dhéanamh ar do shon.

I gcás go maítear breoiteacht nó éagumas, ní mór d'éileamh ar phinsean a bheith déanta roimh nó laistigh de shé mhí ón dáta inar tháinig tú chun bheith sláintiúil nó gan a bheith éagumasaithe níos mó.

**Nóta:** Ní fhéachfar ar d'easpa eolais féin ar do theidlíocht ar phinsean nó easpa eolais aon duine a ghníomhaíonn ar do shon ar do theidlíocht ar phinsean mar nithe a chomhlíonann na critéir do shiardhátú an éilimh.

Ní fhéachfar ar easpa eolais ag tríú páirtithe, eolas nó comhairle neamhchruinn a thugtar duit, nó neamhghníomh ag duine aonair nó gníomhaireacht seachas ag fostaí de chuid na Roinne, mar bhonn chun íocaíocht pinsin a shiardhátú tuilleadh.

## 8. Cad é an t-athrú ar líon íosta na ranníocaíochtaí íochta a bheidh ag teastáil don Phinsean Stáit (Aistriú) agus don Phinsean Stáit (Ranníocach) agus cathain a thiocfaidh sé isteach?

Ón 27ú Nollaig 2013, is é 260 uimhir íosta na ranníocaíochtaí **íochta** a theastóidh don Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

## 9. Cé na daoine a ndéanfaidh an t-athrú sin difear dóibh?

Duine ar bith a dhéanann éileamh ar Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh an 6<sup>ú</sup> Aibreán 2012 nó dá éis, i gcás inar faide dáta báis an chéile nó an pháirtnéara sibhialta ná 6 mhí roimh dháta déanta an éilimh, déanfaidh an t-athrú seo difear dóibh.

Beidh 260 ranníocaíocht árachais shóisialta ar a laghad de dhíth orthu ar a dtaifead féin nó ar thaifead a gcéile nó a bpáirtnéara sibhialta, chomh maith leis an gcoinníoll a luaitear ag Cuid b) de Cheist 2 a bheith sásaithe.

## 10. Táim ag fáil an phinsin seo cheana féin; an mbainfidh an t-athrú seo liomsa?

Ní bhainfidh an t-athrú seo ach le héilimh nua ó dhaoine a gcaillfear a gcéile nó a bpáirtnéir sibhialta an 27<sup>ú</sup> Nollaig 2013 nó dá éis.

## 11. Cá bhfaighidh mé cóip de mo thaifead árachais shóisialta?

Is féidir cóip de do thaifead árachais shóisialta a iarraidh

- ar líne faoi Seirbhísí ar Líne ar an suíomh idirlín [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) nó
- nó trí scríobh chuig Rannóg Lárnach na dTaifead (seoladh thíos) agus an t-eolas seo a thabhairt:
  - Uimhir PSP
  - Ainm
  - Seoladh
  - Dáta breithe
  - Sloinne Breithe (más bean phósta tú)
  - Sloinne Breithe do Mháthar
  - Uimhir Árachais Roimh 1979 (má d'oibrigh tú in Éirinn roimh 1979)
  - Uimhir theileafóin (ar eagla gur gá dúinn glaoch ort)

Rannóg Lárnach na dTaifead  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Bóthar Mhic Artúir  
Ardarvan  
Bun Cranncha,  
Co. Dhún na nGall  
Glaó Áitiúil 1890 690 690

## **12. Níl 156 ranníocaíocht árachais shóisialta íoctha Éireannacha agam féin ná ag mo pháirtneír sibhialta nach maireann, ach d'oibrigh mé féin nó mo pháirtneír sibhialta thar lear. An féidir liom mo ranníocaíochtaí árachais shóisialta ó thír eile a úsáid chun an riachtanas sin a shásamh?**

Is féidir árachas sóisialta i dtír atá cumhdaithe ag Rialacháin AE nó i dtír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialta ag Éirinn léi a úsáid chun an coinníoll seo a chomhlíonadh. Gheobhaidh tú liosta de na tíortha sin i gCeist 28.

Ón 27ú Nollaig 2013, is é 260 uimhir íosta na ranníocaíochtaí **íoctha** a theastóidh don Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtneára Sibhialta Mharthanaigh.

**Nóta:** Ní mór 52 ranníocaíocht/creidmheas árachais shóisialta a bheith agat in Éirinn, agus ceann amháin díobh ina ranníocaíocht íoctha.

## **13. An áirítear i leith an Phinsin Stáit (Aistriú)/(Ranníocach) ranníocaíochtaí árachais shóisialta a íocadh i dtír atá cumhdaithe ag Rialacháin CE nó a bhfuil Comhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach ag Éirinn léi?**

Mura gcáilíonn tú le haghaidh Pinsean Stáit (Aistriú) nó Pinsean Stáit (Ranníocach) bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta Éireannach amháin, d'fhéadfadh na ranníocaíochtaí sin cabhrú leat cáiliú do phinsean Stáit pro rata faoi Rialacháin CE nó faoi Chomhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach. D'fhéadfá cáiliú do phinsean ón tír nó ó na tíortha eile, leis.

Agus iarratas á dhéanamh agat ar phinsean anseo, ba cheart duit sonraí aon fhostaíochta nó tréimhse chónaithe thar lear a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Cuirfimid na páipéir riachtanacha chuig na húdaráis sa tír i dtrácht, ar do shon, más í ceann de na tíortha atá liostaithe i gCeist 28 í.

## **14. Cá bhfios dom an cineál ranníocaíochta atá á híoc agam?**

Taispeántar aicme na ranníocaíochta, nó an aicme ÁSPC, ar do P60. Mínítear na haicmí difriúla ÁSPC i gCeist 29.

## 15. Cad is 'Bliain Ranníoca' ann?

"Bliain ranníoca" is ea bliain mheasúnachta laistigh de chiall na nAchtanna Cánach, agus "bliain chánach" a thugtar uirthi de ghnáth.

## 16. Cad iad "ranníocaíochtaí féinfhostaithe"?

Ranníocaíochtaí árachais shóisialta féinfhostaithe is ea ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme S. Áirítear na ranníocaíochtaí sin agus do theidlíocht ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh á ríomh.

Más duine féinfhostaithe ab ea do chéile nó do pháirtnéir sibhialta nach maireann agus gur thosaigh sé/sí ag íoc ranníocaíochtaí ag Aicme S an 6 Aibreán 1988 nó dá éis, is féidir do theidlíocht ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a ríomh bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta ón dáta sin, má chiallaíonn sé go bhfaighfeá ráta níos airde pinsin, ar choinníoll go sásaíonn tú na coinníollacha eile don phinsean.

Ní mór duitse nó do do chéile nó do pháirtnéir sibhialta nach maireann ranníocaíochtaí féinfhostaithe a bheith íochta agaibh ar feadh bliana ar a laghad sular slánaíodh 66 bliain d'aois nó dáta an bháis, más túsce sin.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-íoctar aon dliteanas ÁSPC in am, ionas nach gcaillfear aon íocaíocht pinsin.

## 17. Conas a dhéanaim an 'Meán Bliantúil Gearr' a ríomh?

Comhair líon na ranníocaíochtaí árachais shóisialta agus creidiúintí ar do thaifead féin nó ar thaifead do chéile nó do pháirtnéara sibhialta nach maireann sna 3 nó sna 5 bliana ranníoca iomlána roimh aois inphinsin (66 bliain d'aois i láthair na huaire) nó roimh dháta an bháis, más túsce sin. Tabhair 'Ranníocaíochtaí agus Creidiúintí' air sin.

Seo mar a ríomhtar do 'Mheán Bliantúil Gearr':

$$\text{Short Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{3 \text{ or } 5}$$

### Sampla:

Tosaíonn duine ag íoc árachais shóisialta an 1 Eanáir 2005 agus íoctar é go dtí bás an chéile an 1 Aibreán 2011. Tá 52 ranníocaíocht íochta acu i ngach ceann de bhlianta ranníoca 2008, 2009 agus 2010, rud a thugann 156 'Ranníocaíochtaí agus Creidiúintí'. Seo mar a ríomhtar an Meán Bliantúil Gearr:

Iomlán na mBlianta Ranníoca = 3

Ranníocaíochtaí agus Creidmheasanna = 156

$$\text{Short Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}} = \frac{156}{3} = 52$$

## 18. Conas a dhéanaim an 'Meán Bliantúil Fada' a ríomh?

Comhair líon na mblianta ranníoca, ag tosú leis an mbliain inar thosaigh tú féin nó do chéile nó do pháirtneir sibhialta nach maireann ag íoc árachais shóisialta suas go dtí an bhliain ranníoca dheireanach agus an bhliain sin san áireamh roimh aois inphinsin (66 bliain i láthair na huaire) nó roimh bhás do chéile nó do pháirtneara shibhialta, más túsce sin. Tabhair '*Blianta Ranníoca Iomlána*' air sin.

Comhair na ranníocaíochtaí íoctha agus na creidiúintí ar fad ar do thaifead féin nó ar thaifead do chéile nó do pháirtneara shibhialta nach maireann sa tréimhse sin (féach Ceist 2 thuas). Tabhair '*Ranníocaíochtaí agus Creidiúintí*' air sin.

Seo mar a ríomhtar do '*Mheán Bliantúil Fada*':

$$\text{Long Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}}$$

### Sampla:

Duine atá ag íoc árachais shóisialta ó 7 Lúnasa 1962, cailtear a c(h)éile nó a p(h)áirtneir sibhialta an 12 Márta 2012. Ba é 2011 an bhliain ranníoca dheiridh iomlán roimh dháta an bháis. Tá 1,400 ranníocaíocht agus creidiúint acu a áirítear i leith Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtneara Sibhialta Mharthanaigh.

Iomlán na mblianta Ranníoca = 50

Ranníocaíochtaí agus Creidmheasanna = 1,400

$$\text{Long Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}} = \frac{1,400}{50} = 28$$

### (Ranníocaíochtaí Féinhostaíochta):

Duine atá ag íoc árachais shóisialta ó 7 Lúnasa 1966, cailtear a c(h)éile nó a p(h)áirtneir sibhialta an 12 Márta 2012. Ba é 2011 an bhliain ranníoca dheiridh iomlán roimh dháta an bháis. Taispeánann a dtaifead ranníocaíochtaí: Ranníocaíochtaí gnáthráta a taifeadadh suas go dtí 1972 agus ranníocaíochtaí Aicme S don bhliain 1988/89 (52 sa bhliain sin) suas go dtí 2000/01 agus an bhliain sin san áireamh.

Ag comhaireamh ó 1966 ar aghaidh agus ag cur 2011 san áireamh tá 46 bliain chánach ann.

Tá 1028 ranníocaíocht taifeadta inríofa acu san iomlán. Seo mar a ríomhtar an meán bliantúil =  $1028 \div 46 = 22$ . Bunaithe ar an taifead sin, ní cháilíonn an duine seo le haghaidh an Phinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtneara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Ach toisc gur thosaigh siad ag íoc ÁSPC Aicme S an 6 Aibreán 1988 agus toisc go bhfuil 52 ranníocaíocht acu don bhliain 1988/89 is féidir an meán bliantúil a chomhaireamh ó thús na bliana 1988/89. Is féidir neamhaird a thabhairt ar na ranníocaíochtaí ÁSPC roimhe sin, toisc gurb é leas an iarratasóra é sin a dhéanamh.

Ag comhaireamh ó 1988/89 ar aghaidh agus ag cur 2011 san áireamh tá 24 bliain chánach ann.

Tá 676 ranníocaíocht taifeadta inríofa acu san iomlán. Seo mar a ríomhtar an meán bliantúil =  $676 \div 24 = 28$ . Bunaithe ar an taifead sin, cáilíonn an duine seo le haghaidh le haghaidh an Phinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

## 19. An mó pinsin a gheobhaidh mé?

Déantar an 'Meán Bliantúil Gearr' a ríomh ar dtús. Más 39 nó níos mó é, cáileoidh tú don uasráta.

Má tá sé faoi bhun 39, ríomhtar an 'Meán Bliantúil Fada'; ní mór 48 de 'Meán Bliantúil Fada' a bheith agat chun cáiliú don uasráta ach íoctar rátaí laghdaithe má bhíonn do 'Meán Bliantúil Fada' idir 24 agus 47 agus an dá cheann sin san áireamh.

## Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh: Rátaí 2012

An Meán Bliantúil Gearr a chionn	€	66 bliain d'aois nó os a chionn
<b>39 nó os a chionn</b>	€193.50	€230.30

Meán Bliantúil	66 bliain d'aois nó os a chionn	66 bliain d'aois nó os a chionn
<b>48 nó os a chionn</b>	€193.50	€230.30
<b>36-47</b>	€190.70	€225.80
<b>24-35</b>	€188.00	€220.40

## 20. Cén sochar nó liúntas eile a bheadh ag dul dom?

Le cois an phinsin, d'fhéadfá cáiliú do na híocaíochtaí seachtainiúla seo a leanas:

- Deontas Méala;
- Deontas an Chéile nó an Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh;
- Sochar Báis faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde;
- Méadú i leith Linbh Cháilithe – íoctar é sin i leith linbh faoi 18 mbliain d'aois nó suas go 22 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha atá ina chónaí nó ina cónaí leat agus á cothabháil nó á chothabháil agat;



- Liúntas Maireachtála Aonair – má tá tú 66 nó os a chionn agus má chónaíonn tú i d'aonar nó i d'aonar go príomha;
- Liúntas Oileáin – má tá tú 66 nó os a chionn agus má chónaíonn tú ar cheann de na hoileáin sonraithe amach ón gcósta;
- Liúntas Aois 80 – a íoctar go huathoibríoch ar 80 bliain a bheith slánaithe;
- Liúntas Breosla – íocaíocht faoi réir thástáil maoine, a fhaightear má chónaíonn tú i d'aonar nó le daoine áirithe eile;
- Sochair Teaghlaigh – Liúntas Leictreachais nó Gáis, Liúntas Teileafóin agus Saorcheadúnas Teilifíse. Ar fáil do dhaoine atá 70 nó os a chionn a chónaíonn sa Stát, agus do dhaoine faoi 70 a chónaíonn sa Stát i gcásanna áirithe. Ní féidir ach le duine amháin as teaghlach cáiliú don phacáiste sin ag am amháin.

Gheofar breis eolais ar na sochair agus na liúntais seo ar fad ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 21. Cathain agus conas a dhéanfaidh mé iarratas ar phinsean?

Ba cheart iarratas a dhéanamh ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a luaithe is féidir tar éis bhás an chéile nó an pháirtnéara shibhialta.

**Nóta:** Ó Aibreán 2012 ar aghaidh, d'fhéadfá cuid den phinsean a chailliúint má theipeann ort iarratas a dhéanamh laistigh de 6 mhí de bheith cáilithe.

Má tá cónaí ort i bPoblacht na hÉireann, ba cheart duit an fhoirm iarratais WCP1 a chomhlánú agus na doiciméid tacaíochta a chur in éineacht léi chuig:

Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach  
Glao Áitiúil 1890 500 000

Má tá cónaí ort i gceann de na tíortha a liostaítear i gCeist 28 agus árachas sóisialta íoctha agat in aon cheann de na tíortha sin, ba cheart duit iarratas a sheoladh chuig an nGníomhaireacht Slándála Shóisialta sa tír sin. Seolfaidh siad sonraí d'iarratais agus na taifid árachais shóisialta cuí chugainn.

Gheofar eolas breise ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)

## 22. Nílím sásta le cinneadh na Roinne ar m'iarratas ar phinsean. Cad ba cheart dom a dhéanamh anois?

Is féidir leat athbhreithniú a lorg ón Oifigeach Breithiúnacha trí scríobh chugainn agus a rá linn cén fáth ar cinneadh éagórach é, dar leat. Seo é an seoladh ar cheart scríobh chuige:

Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Más amhlaidh, tar éis an athbhreithnithe, go bhfuil tú míshásta fós leis an gcinneadh, féadfaidh tú é a achomharc chuig an Oifig Achomharc laistigh de 21 lá ó dháta an athbhreithnithe, ag:

Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh  
Teach D'Olier  
Sráid D'Olier  
Baile Átha Cliath 2

### **23. Conas a bhfaighidh mé an íocaíocht?**

Íoctar Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh go seachtainiúil:

- Ag d'Oifig Phoist áitiúil le Cárta Seirbhíse Sóisialta/Seirbhísí Poiblí nó
- I bhfoirm díríocaíochta isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

Ní mór duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl don Roinn láithreach.

### **24. An mbaineann an Roinn Coimirce Sóisialaí cáin ioncaim as mo Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?**

Ní bhaineann an Roinn cáin ioncaim as do phinsean.

Ach féachtar ar do phinsean, agus ar aon Mhéadú i leith Duine Aosaithe Cháilithe, Leanbh Cáilithe, Méadú i leith Cónaí Aonair, Liúntas Oileáin agus Liúntas Aois 80 mar theacht isteach chun críocha cánach agus braithfidh do dhliteanas cánach ar do chúinsí foriomlána.

Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'oifig chánach áitiúil má tá ceist agat mar gheall ar do dhliteanas cánach.

### **25. Táim faoi bhun 66 bliain agus ag dul ar scor ón obair; conas is féidir liom mo thaifead Árachais Shóisialaigh a chosaint le haghaidh mo phinsin?**

Má théann tú ar scor ó do phost sula sroicheann tú aois inphinsin (66 i láthair na huairé) d'fhéadfadh sé gur mhian leat do thaifead árachais shóisialaigh a chosaint chun go mbeidh an meán bliantúil cuí agat le haghaidh an Phinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach). Is féidir é sin a dhéanamh trí Ranníocaíochtaí Saorálacha a dhéanamh. De rogha air sin, d'fhéadfá bheith i dteideal ranníocaíochtaí creidiúnaithe. Tugtar cuntas ar an dá chineál ranníocaíochta sin thíos.

## **Ranníocaíochtaí Saorálacha**

Is féidir leat a bheith faoi árachas i gcónaí tar éis an córas éigeantach ÁSPC a fhágáil, ach ranníocaíochtaí saorálacha (RSanna) a íoc. Tá sé de rogha agat RSanna a íoc má shásaíonn tú coinníollacha áirithe agus

- muna bhfuil tú fós sa scéim éigeantach ÁSPC in Éirinn.
- muna bhfuil tú fós sa scéim éigeantach nó saorálach ÁSPC i dtír eile de chuid an AE
- má tá faoi 66 bliain d'aois
- má shásaíonn tú na coinníollacha cáilitheachta

## **Conas teacht chun bheith i do Ranníocóir Saorálach**

Chun teacht chun bheith i do Ranníocóir Saorálach ní mór duit

- 260 seachtaine ÁSPC ar a laghad a bheith íoctha agat i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht
- iarratas a dhéanamh laistigh de 12 mhí den bhliain ranníocach inar íoc tú árachas éigeantach den uair dheiridh nó inar deonaíodh ranníocaíocht chreidiúnaithe duit
- toiliú chun ranníocaíochtaí saorálacha a íoc ó thús na seachtaine ranníocáí a lean an tseachtain inar fhág tú an scéim árachais éigeantaigh.

## **Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe**

Chun cáiliú do chreidmheasanna, ní mór do dhuine a bheith i bhfostaíocht inárachais – ní mór duit ranníocaíocht ÁSPC amháin ar a laghad a bheith íoctha agat mar ranníocóir fostaithe. Ní cháilíonn ranníocaíochtaí féinfhostaíochta, áfach, chun críocha creidiúnaithe.

Is féidir ranníocaíocht a chreidiúnú i gcásanna dhífhostaíochta, breoiteachta, luathscoir, Saoire Cúramóra, agus mar sin de. Is é cuspóir na ranníocaíochtaí creidiúnaithe na teidlíochtaí árachais shóisialaigh atá ag daoine inárachais a chosaint i dtréimhsí nuair nach bhfuil ar a gcumas ranníocaíochtaí a íoc.

D'fhéadfaí ranníocaíochtaí a chreidiúnú duit fiú muna gcáilíonn tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh. Coimeádfaidh na ranníocaíochtaí creidiúnaithe do thaifead árachais shóisialaigh chun dáta agus cosnóidh siad do cheart, agus ceart do chéile, ar an bPinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Gheofar breis eolais ar Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe i mbileog eolais SW12.

## **26. Má théim chun cónaithe thar lear, an bhfaighidh mé mo Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Sibhialta Mharthanaigh?**

Má chónaíonn tú lasmuigh den Stát, nó má bheartaíonn tú é sin a dhéanamh, is féidir leat do phinsean a fháil i bhfoirm díríocaíochta isteach i do chuntas in institiúid airgeadais in Éirinn nó sa tír ina bhfuil cónaí ort.

Má bheartaíonn tú dul thar lear iarrtar ort do sheoladh nua a chur chugainn i scríbhinn, mar aon le haon athrú gur mhaith leat a dhéanamh ar do shocruithe íocaíochta.

An Rannóg Cothabhála (WSCPCP)  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Má théann tú chun cónaithe thar lear, cuimhnigh nach mór duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl don Roinn láithreach.

## **27. Baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach mé ach ní cháilím don phinsean seo. Cad ba cheart dom a dhéanamh anois?**

Má tá leanbh cáilithe agat, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora (Baintrí) ag d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh.

Má tá tú faoi 66 bliain d'aois agus gan leanbh cáilithe, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Phinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Sibhialta Mharthanaigh chuig an seoladh thíos.

Má tá tú 66 bliain d'aois nó os a chionn, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach) chuig an seoladh thíos.

Íocaíocht faoi réir thástáil mhaoine í sin. Ba cheart duit iarratas a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó theacht chun bheith i do bhaintreach, i do bhaintreach fir nó i do pháirtnéir sibhialta marthanach.

Gheofar breis eolais ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) nó ó:


Pinsean Stáit (Neamhranníocach)  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach  
Glao Áitiúil 1890 500 000

## 28. Cá bhfaighinn tuilleadh eolais?

Gheofar breis eolais ar an bPinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ag:

- ag [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)
- Cuir glao ar d'Ionad Eolas do Shaoránaigh áitiúil nó ar d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh
- Glao Áitiúil 1890 500 000

## 29. Cad iad na tíortha atá faoi chuimsiú Rialacháin CE nó Chomhaontú Déthaobhach le hÉirinn?



An Astráil	An Ungáir	An Pholainn
An Ostair	An Íoslainn	An Phortaingéil
An Bheilg	Oileán Mhanainn	Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
An Bhulgáir	An Iodáil	Poblacht na Cóiré
Ceanada	An tSeapáin	An Rómáin
Oileán Mhuir nloch	An Laitvia	An tSlóvaic
Poblacht na Seice	Lichtinstéin	An tSlóivéin
An Danmhairg	An Liotuáin	An Spáinn
An Eastóin	Lucsamburg	An tSualainn
An Fhionlainn	Málta	An Eilvéis
An Fhrainc	An Ísiltír	An Ríocht Aontaithe
An Ghearmáin	An Nua-Shéalainn	Stáit Aontaithe Mheiriceá
An Ghréig	An Iorua	

## 30. Cad iad na haicmí difriúla ÁSPC?

<b>A</b>	Formhór na ndaoine a oibríonn san earnáil phríobháideach; státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí a earcaíodh an 6 Aibreán 1995 nó dá éis	Tá
<b>B</b>	Dochtúirí agus fiaclóirí a oibríonn sa Státseirbhís; státseirbhísigh bhuana agus inphinsin agus gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Tá
<b>C</b>	Oifigigh Choimisiúnaithe Airm agus baill de Sheirbhís Altranais an Airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Tá
<b>D</b>	Fostaithe buana agus inphinsin eile sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Tá
<b>E</b>	Ministírí Reiligiúin a bhí fostaithe ag Coiste Ionadaíochta na hEaglaise; suas go dtí 1991 scairiascairí agus oibríthe amuigh nach raibh fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá
<b>F</b>	Suas go dtí an bhliain 1991, oibríthe seachtracha a bhí fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá
<b>G</b>	Suas go dtí 1991, fíodóirí seachtracha fireanna nach raibh fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá
<b>A</b>	Oifigigh neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte in Óglaigh na hÉireann	Tá
<b>J</b>	Daoine ar lú ná €38 sa tseachtain a dteacht isteach inríofa; daoine atá os cionn 66; daoine i bhfo-fhostaíocht	Níl
<b>K</b>	Daoine ar phinsin cheirde; sealbhóirí oifigí áirithe; daoine atá os cionn 66 agus a d'íoc Aicme S roimhe seo	Níl
<b>M</b>	Fostaithe faoi 16; daoine in Aicme K nach bhfuil aon dliteanas ranníoca orthu	Níl
<b>N</b>	Suas go dtí 1991, Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte in Óglaigh na hÉireann	Tá
<b>P</b>	Scairiascairí atá ag íoc Aicme S cheana féin	Tá
<b>S</b>	Daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí áirithe cuideachta agus daoine áirithe a bhfuil teacht isteach acu ó infheistíochtaí agus ó chíos	Tá

\* Cur síos an-ginearálta atá sa tábla seo ar Aicmí ÁSPC agus ar cé na daoine a íocann iad. Gheofar eolas breise ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)